# Ag foghlaim tríd an Ealaín: Paca Acmhainní
# Stair

Sinéad Hall

GAILEARAÍ NÁISIÚNTA na hÉIREANN
NATIONAL GALLERY of IRELAND

# Réamhrá

Tá foghlaim tríd an ealaín lárnach i gclár bunscoile Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann. Cabhraíonn an ealaín linn chun tuiscint a fháil ar an domhan agus is féidir í a úsáid sa seomra ranga chun léargas a thabhairt ar théamaí agus ábhair eile sa churaclam. Ullmhaíodh ár sraith acmhainní, Ag Foghlaim tríd an Ealaín mar áiseanna praiticiúla  chun a chur ar do chumas saothair ealaíne a úsáid mar phríomhfhoinsí agus inspioráid a thabhairt le haghaidh ceachtanna a réiteach i réimsí eile den churaclam.

**Clár**


Conas an paca seo a úsáid ..................................... 3
Cuspóirí Foghlama .................................................. 4
An Cheardlann ......................................................... 5
Gníomhaíochtaí Breise .........................................19
Acmhainní ..............................................................21
Bileoga Oibre ....................................................... 22
Déan teagmháil linn .............. ............................. 26


**An tÚdar**

Is pianódóir a fuair oiliúint chlasaiceach í Sinéad Hall BA, PGD ED, CRS, MA ED. Is teagascóir diongbháilte í atá ag múineadh ranganna i Meiriceá agus in Éirinn le fiche bliain nach mór. Bhain Sinéad céimeanna amach sa Cheol, Forbairt Dhaonna, Gaeilge, Iarchéim san Oideachas agus Céim Mháistreachta sa Cheannaireacht agus sa Bhainistíocht. Tá sí ag teagasc Amharcealaíona don 5ú rang i Scoil Náisiúnta Ráth Tó. Tá sí mar Stiúrthóir Taighde don Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas sa Bhunmhúinteoireacht, le Coláiste Hibernia. Is breá léi bheith ag seinnt an phianó, ealaín, spóirt uisce, a beirt pháistí, a madraí Sneabhsar, caife den scoth agus an ceol. Tá Sinéad gníomhach sa phobal agus bíonn sí ag plé leis na gasóga, ag teagasc ina club ealaíne agus ag surfáil nuair a bhíonn am saor aici

# Conas an acmhainn seo a úsáid

Seo ceann de shraith treoirleabhar praiticiúil i gcomhair réimsí éagsúla den churaclam a theagasc tríd an ealaín.

Tá na nithe seo ar fáil i ngach acmhainn:

- Taispeántas Sleamhnán Powerpoint  le léamh agat féin agus do rang
- Íomhánna de phríomhshaothair ealaíne ó bhailiúchán an Ghailearaí
- Eolas faoin bpictiúr agus faoin ealaíontóir
- Ceisteanna – Breathnaigh agus Freagair don rang
- Pointí plé
- Ceachtanna bunaithe ar an saothar is féidir a nascadh leis an gcuraclam trí chéile
- Bileoga oibre le priontáil agus le húsáid sna ceachtanna
- Liosta acmhainní de shuíomhanna gréasáin eile a thig leat a úsáid chun tuilleadh léitheoireachta ags taighde a dhéanamh
- Smaointe do cheachtanna breise i gcomhair ábhair eile

# Cuspóirí Foghlama

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

- Féachaint ar shaothar na n-ealaíontóirí agus labhairt fúthu
- Cur síos a dhéanamh ar céard atá ag tarlú sa phictiúr;
  - na dathanna agus na toin a roghnaíodh
  - na línte, cruthanna, uigeachtaí agus an patrún a cruthaíodh
  - an chaoi a bhfuil siad socraithe sa phictiúr
  - an chaoi ar úsáideadh dathanna agus na héifeachtaí a cruthaíodh
  - an rud a bhí sé/sí nó an t-ealaíontóir ag iarraidh a chur in iúl
  - an rud is fearr leis/léi faoin bpictiúr
- freagairt do shaothar na n-ealaíontóirí trí cheachtanna ar leith



# An Cheardlann

Ar fáil mar thaispeántas sleamhnáin Powerpoint chomh maith



# Pósadh Strongbow agus Aoife, c.1854

Daniel Maclise (1806-1870)

Bronnta, Sir Richard Wallace, 1879. Grianghraf © Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.





# Is féidir a lán a fhoghlaim faoin stair ó phictiúir

Seo ceann de na pictiúir is mó agus is tábhachtaí i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann (níos mó ná 5 x 3 mhéadar!)

Insíonn sé scéal faoi eachtra an-tábhachtach i stair na hÉireann - pósadh Strongbow agus Aoife.

Insíonn an pictiúr a lán dúinn fúthu, agus faoina scéal trí eachtraí a tharla roimh an bpósadh a léiriú trí shiombailí.

Ach cérbh iad agus cén fáth go raibh tábhacht ag baint lena bpósadh?



# An Scéal

Bhí an pósadh seo in Éirinn in 1170.

Bhí Diarmaid Mac Murchadha ina rí ar Laighean ach bhain Ruairí Ó Conchubhair a ríocht de agus bhí sé féin ansin ina Ard-Rí ar Éirinn.

Ni raibh Diarmaid sásta, agus chuaigh sé go Sasana ag lorg cabhrach chun a Ríocht a fháil ar ais. Is ansin a bhuail sé le Risteárd de Clare, nó Strongbow mar a thugtaí air agus dúirt seisean go gcabhródh sé leis.

Mar chomhartha buíochais, gheall  Diarmaid go dtabharfadh sé a iníon, Aoife, do Strongbow mar bhean chéile. Gheall sé freisin go mbeadh  Strongbow ina Rí ar Laighean nuair a gheobhadh Diarmaid bás.

Go tapa **Smaoinigh –  Péireáil – Roinn**– meastú cén fáth ar tugadh an leasainm Strongbow ar Risteard?



# Céard a tharla?

In 1170 tháinig Strongbow go hÉirinn  agus bhí arm sciliúil, dea-armáilte gairmiúil leis. Ghabh sé agus dhóigh sé cathair Phort Láirge  i 3 lá. Ní raibh sé ach ag tosú ar a aistear.

Sa phictiúr feicimid cathair Phort Láirge scriosta, agus ag dó agus an spéir dhorcha stoirmiúil sa chúlra sgus Aoife ag pósadh Strongbow.

Feicimid coirp na saighdiúirí Éireannacha a throid i gcoinne Strongbow – tá an pictiúr  lán le foréigean, le scanradh, sleánna, claimhte, marú agus creach.

Tá Diarmaid, athair Aoife, ina sheasamh agus a choróin óir air lena lámh ar dhroim Aoife.



# Breathnaigh & Freagair: Strongbow

- Céard atá á chaitheamh aige?
- Céard a fheiceann tú faoina chos?
- Céard a chiallaíonn sé sin, i do thuairim?
- Cén chuma atá air – cén chaoi a mothaíonn sé, i dar leat?
- Cé atá ina sheasamh ar a chúl?
- Cén sórt ceoil atá á sheinnt ag na seinnteoirí buabhaill/coirn, dar leat?
- An bhfeiceann tú aon saighdiúir eile de chuid Strongbow?
- Cén chaoi a bhfuil fhios agat gur saighdiúirí de chuid Strongbow iad?



# Breathnaigh & Freagair: Aoife

- Céard atá á chaitheamh ag Aoife?
- Cén chuma atá uirthi – cén chaoi a mothaíonn sí, dar leat?
- Cé mhéad cailín coimhdeachta a fheiceann tú?
- Cén chaoi a bhfuil siad gléasta?
- Cé hiad féin, dar leat?



# Breathnaigh & Freagair: Diarmaid Mac Murchadha

- Cá bhfuil sé ina sheasamh?
- Céard atá á chaitheamh aige?
- Cén chuma atá air – cén chaoi a mothaíonn sé, dar leat?
- Céard a insíonn an chros óir dúinn?
- Cén chuma atá ar chairde agus leantóirí Dhiarmaid – cén chaoi a mothaíonn siad, dar leat?
- Cén chuma atá orthu i gcomparáid leis na saighdiúirí ar a gcúl?



# Siombailí sa phictiúr

An bhfeiceann tú aon rud a d'fhéadfadh a bheith ina shiombail sa phictiúr?

Roinnt smaointe:

- Spéir dhorcha agus stoirmiúil
- Na foirgnimh atá ag dó agus ag titim
- Coirp na ndaoine atá marbh
- Na hairm ar an talamh

Céard a chiallaíonn siad seo, i do thuairim?



# Siombailí sa phictiúr

An Cláirseoir

- An bhfeiceann tú an cláirseoir?
- Céard a thugann tú faoi deara faoin gcláirseach?
- Céard a chiallaíonn sé seo, i do thuairim?
- Céard dó a sheasann siombail na cláirsí?
- Cén áit a bhfuil siombail na cláirsí le feiceáil sa lá atá inniu ann?

Bláthanna

- An bhfeiceann tú bláthanna sa phictiúr?
- Céard a chiallaíonn siad i do thuairim?
- Céard a insíonn siad duit faoin ealaíontóir, meastú?

# Cén chríoch a bhí ar an scéal?

- Smaoinigh – Péireáil – Roinn – maidir le cén chríoch a bhí ar scéal Strongbow, Aoife agus a hathair, Diarmuid..
- Líon isteach an bhileog oibre KWL nó scríobh amach i do chóipleabhar é.
- Léigh do chuid freagraí don rang.

| Céard atá ar eolas againn? | Céard a theastaíonn uainn a fháil amach? | Céard a d'fhoghlaim muid? |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |



# An chríoch a bhí ar an scéal

Ghabh Strongbow agus a arm baile Loch Garman agus Baile Átha Cliath - ba é sin an chéad ionradh a rinne na Normannaigh ar Éirinn.

Bliain ina dhiaidh sin, in 1171, fuair Diarmaid bás agus ansin bhí Strongbow ina rí ar Laighean.

Bhí beirt pháistí ag Aoife agus Strongbow – Gilbert agus Isabella.

Bhí eagla ar Rí Anraí II, go raibh Strongbow ag éirí róláidir agus tháinig sé go hÉirinn. D'fhógair sé gurbh é féin Tiarna na hÉireann – ba é seo an chéad uair a tháinig rí Shasana go hÉirinn.



Engraved by D.J. Pound, from a Photograph by Mayall

DANIEL MACLISE, ESQ. R.A.

# Daniel Maclise

Staraí agus péintéir as Co. Chorcaí ab ea Maclise. Rugadh é in 1806 agus fuair sé bás in 1870. Chaith sé an chuid ba mhó dá shaol mar dhuine fásta ina chónaí i Sasana.

B'oideachas simplí a fuair sé i gCorcaigh, ach bhí suim mhór aige sa chultúr agus sa léitheoireacht, agus bhí fonn air a bheith ina ealaíontóir. Fuair a athair, áfach, post dó ag obair sa bhanc, áit ar fhan sé ar feadh dhá bhliain, sular fhág sé chun dul ag staidéar i Scoil Ealaíne Chorcaí.

Bhí sé mar ealaíontóir mór le rá agus bhí sé an-mhaith ag tarraingt pictiúir de dhaoine. Tharraing sé caractúir de dhaoine cáiliúla i gcomhair irise. Rinne sé léaráidí freisin do roinnt de leabhair Nollag Dickens.

Fuair sé bás de ghéarniúmóine ar 25 Aibreán 1870 ina theach cónaithe i Sasana.

# Gníomhaíochtaí Breise

**Teanga na Bunscoile - Labhairt / Scríobh / Léitheoireacht**

- Inis an scéal i 3 chuid
  - o Céard a tharla díreach roimh an bpósadh
  - o Déan cur síos ar céard atá ag tarlú ag an bpósadh
  - o Tabhair tuairim faoi céard a tharlóidh ina dhiaidh sin
- Saol mar shaighdiúir Normannach – Sa scéal, tagann Strongbow go hÉirinn lena chuid saighdiúirí. I do thuairm, cén chaoi ar mhothaigh saighdiúir ag teacht i dtír in Éirinn in arm Strongbow – scríobh cuntas sa dialann ar an lá ar tháinig tú go Port Láirge mar shaighdiúir.

**Stair**

- Amlíne na n-eachtraí – déan taighde agus scríobh síos amlíne na n-eachtraí
  1. Turas Dhiarmaid go Sasana agus mar a bhuail sé le Strongbow
  2. Teacht Srongbow agus Éire curtha faoi chois
- Déan taighde ar Strongbow – cá bhfuil sé curtha
- Caisleáin Móta agus Bábhún – déan taighde ar an saol i gcaisleán Normannach

**Tíreolaíocht**

- Ar léarscáil na hÉireann, cuir isteach an áit ar tháinig Strongbow i dtír in Éirinn agus taispeáin a aistear ar fud na tíre ar an léarscáil.

# Gníomhaíochtaí Breise

**Ealaín**
- Péinteáil spéir scamallach – measc dathanna gorma, bána agus dubha
- Montáis snáithín agus fabraic d’Aoife agus Strongbow
- Mionsamhail lánléargais (Diorama) den scéal
- Tógáil – déan caisleán móta agus bábhún

**Drámaíocht**
- Déan an pictiúr a reo agus tóg grianghraf de seo don Ghailearaí – iarr ar na daltaí ord na n-imeachtaí  a léiriú thrí shraith radhairc, agus carachtar faoi leith á chur i láthair i ngach radharc ag an tráth cinniúnach seo.
- Bóithrín an Choinsiasa (féach ar an mbileog oibre)
- Déan dráma as gach páirt den scéal a scríobh tú.

**OSPS**
- Mothúcháin – Gotha aghaidhe a aithint
- Freagairt chombhách

**Reiligiún**
- Faigh breis eolais faoi na siombailí reiligiúnacha sa phictiúr
  - Cros cloiche na hÉireann
  - An Túiseán
  - An úsáid a bhaintí as túis

# Acmhainní

Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

- Pósadh Strongbow agus Aoife – na carachtair| Gailearaí Náisiúnta na hÉireann
- Pósadh Strongbow agus Aoife – an stair| Gailearaí Náisiúnta na hÉireann
- Daniel Maclise (1806-1870) | Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

Na Normannaigh

- Éire i ré na Normannach : Éire sna Meánaoiseanna (askaboutireland.ie)
- Foghlaim ar líne, Bunscoileanna
- | DUBLINIA
- Normans Facts for Kids | KidzSearch.com
- The Normans Come to Ireland Timeline PowerPoint (twinkl.ie)
- Diarmaid mac Murchadha - Wikipedia

Nua (feiliúnach do rang 5/6)

- Strongbow | Seomra Ranga



# Bileoga Oibre

Tá siad seo ar fáil le híoslódáil mar cháipéisí Word

# Bóithrín an Choinsiasa

Is teicníc  úsáideach é chun iniúchadh a dhéanamh ar aon cheist dheacair a mbíonn an carachtar ag iarraidh dul i ngleic léi, agus tugtar deis anailís níos mine a dhéanamh ar thráth cinniúnach.

Cuirtear an rang isteach i dhá líne os comhair a chéile. Siúlann duine amhain (an múinteoir nó rannpháirtí eile) idir na línte de réir mar a thugann gach duine a chomhairle féin.

Is féidir é a eagrú ionas go dtabharfaidh na daoine ar thaobh amháin malairt den chomhairle a thugann na daoine ar an taobh eile.

Nuair a thagann an carachtar go deireadh an bhóithrín, déanann sé/sí a c(h)inneadh.

## Ceisteanna do “Breathnaigh agus Freagair”

| |
|---|
| Féach go cúramach ar an bpictiúr agus freagair na ceisteanna seo a leanas. |
| Seo pictiúr faoi phósadh – ar ceiliúradh ar phósadh atá ann? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. |
| |
| Taispeánann  an t-ealaíontóir muintir na hÉireann agus ionróirí Normannacha – cén teicníc a úsáideann sé chun an chodarsnacht idir an dá ghrúpa a chur in iúl? |
| |
| Céard atá á dhéanamh ag carachtar Strongbow sa phictiúr a léiríonn nach bhfuil meas aige ar mhuintir na hÉireann agus a gcuid traidisiún? |
| |
| Deirtear go minic go raibh  Maclise ar dhuine de na péintéirí ab fhearr lena linn. An n-aontófá leis an tuairim sin, bunaithe ar an bpictiúr seo? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. |
| |
| Déan taighde ar Dhiarmaid Mac Murchadha agus scríobh síos 5 fhíric faoi. |
| |

# Ar de shliocht Normannach tú?

Seo cuid de na sloinnte Normannacha is coitianta in Éirinn.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| De Buitléir | Daltúin | Ó Dorchaidh (Darcy) | De Búrca | Pléimeann (Fleming) |
| Breathnach | De Barra | De Róiste | Caimpion (Campion) | Seoighe |
| Innseadún (Nugent) | Mac Gearailt | De Lása | Sabhaois | De Faoite |
| Sionóid | Ó Muirgheasa | De Paor | Mac  Giobúin | Ó Gríofa |
| De Rís | Pluincéad | Loingsigh | Ó Laidhin (Lyons) | Ó Diolúin |

1. An bhfuil fhios agat aon daoine cáiliúla in Éirinn le sloinne Normannach?
2. Déan taighde ar bhunús do shloinne féin.
3. Déan taighde agus tarraing do chrann ginealaigh.

# Déan teagmháil linn

**Cláraigh don nuachtlitir ar ríomphost do Mhúinteoirí agus Scoileanna email newsletter . Cuirfear smaointe agus acmhainní nua ar fáil anseo ar bhonn rialta.**

Catherine O'Donnell
Oifigeach Oideachais
Freagracht i leith: Múinteoirí, Scoileanna agus an Óige
T: +353 (0) 1 663 3579
R: codonnell@ngi.ie